**An Naomh agus a Thrí Pheata**

Bhí naomh ann fadó. Mochua an t-ainm a bhí air. Bhí trí pheata aige – coileach, luch agus cuileog. D'éiríodh Mochua i lár na hoíche lena phaidreacha a rá. Nuair a bhíodh sé in am éirí, ghlaodh an coileach agus dhúisíodh sé an naomh as a chodladh. Toisc nach mbíodh ach beagán codlata déanta ag Mochua san oíche is minic a thiteadh a chodladh air sa lá. Ansan thagadh an luch agus bhíodh sí ag scríobadh a chluaise go dtí go ndúisíodh sí é. Bhí a cuid oibre féin le déanamh ag an gcuileoig. Nuair a bhíodh Mochua ag léamh a leabhair ní ligeadh an chuileog dó dul amú. Nuair a stadadh sé, d'fhanadh an chuileog ar an bhfocal deireannach a léadh sé.



Tháinig an aois ar na trí pheata. Fuaireadar bás. Bhí brón ar Mhochua. Scríobh sé chuig Colm Cille agus d'inis sé an drochscéal dó. Fear suairc ba ea Colm Cille. Scríobh sé ar ais chuig Mochua.

"Is trua liom do chás," ar seisean, "ach nach bhfuil a fhios agat nach mbíonn cailliúint mhór ach san áit a mbíonn saibhreas mór!"